

Comhairle Contae **Lú** **Louth** County Council



**Seirbhís Leabharlainne Lú
Clár Forbartha
2020-2025**

Réamhrá, Príomhfheidhmeannach, Joan Martin



Leagtar amach i Seirbhís Leabharlainne Lú – Clár Forbartha 2020-2025 fíis, misean, luachanna, prionsabail, cuspóirí straitéiseacha agus tosaíochtaí Roinn na Leabharlainne sna chéad chúig bliana eile. An Fhoireann Leabharlainne a d’ullmhaigh, faoi stiúir Paddy Donnelly, Stiúrthóir Seirbhísí agus Yvonne O’Brien, Leabharlannaí Contae; cuireadh stop tobann leis i Márta 2020 nuair a bhris paindéim an Choróinvíris amach. Dúnadh Seirbhís Leabharlainne Lú don phobal ar feadh 16 seachtaine, go dtí an 8ú Meitheamh, ach lean an fhoireann ar aghaidh ag comhlíonadh riachtanais an phobail ar shlí éagsúla.

Ba léir luach na Seirbhíse Leabharlainne roimh an phaindéim agus treisíodh é tuilleadh de réir mar a tháinig méadú 70% ar úsáid acmhainní ar líne Leabharlanna Lú. Tháinig foireann na leabharlainne i gcabhair ar an bpobal trí Líne Chabhrach Phobal Lú a oibriú, seirbhís do dhaoine a bhí ag fanacht sa bhaile a bhunú agus ábhar nua ar líne a chur ar fáil chun tacú le folláine an phobail le linn Covid-19. Is féidir go gcuirfeadh seirbhísí leabharlainne ar fáil ar shlí nua sa mheántéarma, i ngeall ar Covid-19, ach ní bheidh aon athrú ar fhócas na Seirbhíse Leabharlainne mar sheirbhís a chomhlíonann riachtanais an phobail.

Is fianaise eile é ar luach na seirbhíse an oiread daoine a bhí páirteach sa chéim chomhairliúcháin den Chlár seo agus fiúntas na rudá a bhí le rá acu.

Is tréimhse an-dearfach í seo do Sheirbhís Leabharlainne Lú ar roinnt cúiseanna. Sna blianta amach romhainn feicfeadh fás agus forbairt faoin tseirbhís ó thaobh oiliúint foirne, inrochtaineacht, seirbhísí spriocdhírthe, spásanna agus acmhainní chun tacú le cuimsiú sóisialta agus forbairt scileanna.

Aithnítear sa Chlár nádúr éagsúil an phobail agus an gá atá le seirbhís leabharlainne ábhartha agus freagrúil. Athneartaíonn sé áit Sheirbhís Leabharlainne Lú mar chatalaíoch do rannpháirtíocht phobail, litearthacht, foghlaim ar feadh an tsaoil, forbairt eacnamaíochta, fiontraíocht agus féinfhorbairt trí ghníomhaíochtaí, acmhainní agus seirbhísí cultúrtha, oideachasúla agus caithimh aimsire a chur ar fáil. Ar deireadh thiar is seirbhís do mhuintir Lú é an Clár, chun gnéithe éagsúla na seirbhíse luachmhaire seo a chur ar fáil ar an oiread bealaí agus is féidir. Táim ag tnúth le féachaint ar an tseirbhís ag fás agus ag forbairt ar shlí spreagúla mar chomhlíonadh ar riachtanais daoine ar fud Chontae Lú.

Ghlac an Chomhairle an Clár ar an 16 Samhain 2020, mar a cheanglaítear faoin Acht Rialtais Áitiúil 2001.



Réamhrá, Cathaoirleach, An Comhairleoir Dolores Minogue

Tá áthas orm fáilte a chur roimh Sheirbhís Leabharlainne Lú: Clár Forbartha 2020 - 2025, trína múnlófar na seirbhísí leabharlainne sna chéad chúig bliana eile. Is seirbhísí líne thosaigh de chuid na Comhairle iad na leabharlanna agus tá ról tábhachtach acu sa phobal. I mo cháil mar Chathaoirleach Chomhairle Contae Lú, casaim go rialta ar dhaoine de gach aois agus cúlra a úsáideann an leabharlann ar chúiseanna éagsúla – don staidéar, chun ríomhaire a úsáid, casadh ar chairde ag clubanna leabhair, a gcrann ginealaigh a rianú, taighde a dhéanamh ar stair a gceantair féin, agus leabhair a thógáil ar iasacht. An rud is iontaí faoi seo ná nach ngearrtar aon táille ar bhallraíocht ná úsáid sheirbhís na leabharlainne agus go gcuirtear fáilte ann roimh chách. Is seirbhís nuálach í Seirbhís Leabharlainne Lú agus tá an t-ádh orainn go bhfuil ‘Mo Leabharlann Oscailte’ ar fáil i mBaile Átha Fhirdhia agus go bhfuil sé beartaithe do Dhroichead Átha. Léiríonn an áis seo ár ngealltanas do mhuintir Lú agus freagraíonn sé riachtanais an phobail trí rochtain ar an tseirbhís a thabhairt lasmuigh de na huaireanta foirne le gur féidir an leabharlann a úsáid mar ionad staidéir, fóillíochta agus mar áit chruinnithe don phobal. Táim ag tnúth le cur i bhfeidhm an Chláir seo agus níl aon amhras ach go dtacóidh an tSeirbhís Leabharlainne le bláthú mhuintir Lú.



Réamhrá, Leabharlannaí Contae Lú, Yvonne O'Brien

Is toradh é Seirbhís Leabharlainne Lú – Clár Forbartha 2020-2025 ar chomhairliúchán forleathan lenár ngeallsealbhóirí lena n-áirítear daoine a úsáideann ár seirbhísí agus daoine nach n-úsáideann, ionadaithe tofa, grúpaí agus eagraíochtaí áitiúla agus ár bhfoireann. Táim fíorbhuíoch do dhaoine as an am a thógáil chun ár suirbhé a dhéanamh, agus dóibh siúd a chas linn chun forbairt leabharlanna Lú sna chéad chúig bliana eile a phlé. Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leis an Sainchomhairleoir Sinéad Begley as a cuid comhairle agus an chabhair phraiticiúil a thug sí chun an Clár a chur ar aghaidh trí na céimeanna éagsúla agus do Amanda Branigan, Leabharlannaí Sinsearach, as an ngrúpa oibre leabharlainne a threorú tríd an bpróiseas seo. Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leis an bhfoireann ar gach leibhéal as an méid atá déanta acu chun cabhrú linn an tseirbhís a fhorbairt sna chéad chúig bliana eile.

Clár

Réamhrá, Príomhfheidhmeannach, Joan Martin	2
Réamhrá, Cathaoirleach, An Comhairleoir Dolores Minogue	3
Réamhrá, Leabharlannaí Contae Lú, Yvonne O'Brien	4
Achoimre Feidhmiúcháin	6
Misean, Fís, Luachanna	8
Spriocanna Straitéiseacha	9
Cuspóirí Straitéiseacha	9
Réamhrá	10
Dul i gComhairle leis an bPobal	10
Na Príomhthorthaí	10
Mar gheall ar Lú	14
Seirbhís Leabharlainne Lú	15
Mar a cuireadh tú le Seirbhís Leabharlainne Lú	15
Brainsí agus Seirbhísí	18
Doireann na Leabharlainne	19
Bailiúcháin agus Acmhainní	20
Teicneolaíocht	20
An am atá caite a chaomhnú	21
Staidéar Áitiúil agus an Chartlann	21
Freastal ar mhuintir an lae inniu	21
Tacú le Gnó, Fiontar agus Fiontraíocht	21
Ag Tacú le Litearthacht agus Léitheoireacht	22
Éire Shláintiúil ag Do Leabharlann	23
Leabharlanna, Croí an Phobail	23
Seirbhísí do Scoileanna	23
Comhoibriú agus Comhpháirtíocht	24
Maoiniú	24
An todhchaí a mhúnlú	25
Cuspóirí agus Gníomhaíochtaí Straitéiseacha	25
Aguisín 1: Príomhstaitisticí	28
Aguisín 2: Anailís PESTLE agus SWOT	30
Aguisín 3: Rinneadh teagmháil le páirtithe leasmhara maidir le comhairliúchán	34
Foinsí	34

Achoimre Feidhmiúcháin

Leagtar amach in Seirbhís Leabharlainne Lú – Clár Forbartha 2020-2025 treo don tSeirbhís Leabharlainne. Leagtar amach ann fíis, luachanna, cuspóirí agus gníomhartha a dhéanfaidh an tSeirbhís Leabharlainne sna chéad chúig bliana eile. Ba mhaith le Seirbhís Leabharlainne Lú pobail a neartú agus a thacú trí sheirbhísí leabharlainne dinimiciúla, cuimsitheacha agus freagrúla a sholáthar.

Beidh ár bhfís le haghaidh Seirbhís Leabharlainne Lú san áireamh sa Chlár; beidh sé mar chloch choirnéil do phobail inbhuanaithe; déanfar an t-am atá caite a chaomhnú, riachtanais an lae inniu a chomhlíonadh agus an todhchaí a mhúnlú. Tá tacú i Seirbhís Leabharlainne Lú – Clár Forbartha 2020-2025 do mhisean foriomlán Chomhairle Contae Lú, arb é ceannaireacht a sholáthar agus seirbhísí ardchaighdeáin, freagrúla, eifeachtacha agus dírithe ar an saoránach a sholáthar.

Is mór againn an deis seo chun ár bpríomhluachanna, ár bpríomhsheirbhísí agus ár dtacaí a leagan amach trína ndéanfaimid ár ndícheall riachtanais gach cuid den phobal a chónaíonn i gContae Lú a chomhlíonadh.

Tá Seirbhís Leabharlainne Lú – Clár Forbartha 2020-2025 bunaithe ar Phlean Corparáideach Chomhairle Contae Lú 2019-2024 agus tá nasc ann idir é agus an Plean Bliantúil Seachadta Seirbhíse, ina leagtar amach na príomhchuspóirí agus tosaíochtaí seirbhíse maidir le gach bliain ar leith.

De réir Alt 42 den Acht um Choimisiún um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014 féachfaidh Seirbhís Leabharlainne Lú, i bhfeidhmiú a fheidhmeanna, don ngá atá le—

**DEIREADH
A CHUR LE**
hidirdhealú

COMHIONANNAS DEISEANNA

agus caitheamh comhionann le foireann agus na daoine dá gcuirtear na seirbhísí ar fáil a chur chun cinn

CEARTA DAONNA A BAILL

na foirne agus na daoine dá gcuirtear na seirbhísí ar fáil a chosaint



Tá Seirbhís Leabharlainne Lú – Clár Forbartha 2020-2025 bunaithe ar Ár Leabharlann Phoiblí 2022. Is straitéis fhorásach uailmhianach do na leabharlanna poiblí é sin, a dhíríonn ar phríomhfhéidhmeanna na Seirbhíse Leabharlainne, trína gcuirtear struchtúr agus comhsheasmhacht le ról na leabharlainne ó thaobh tacaíocht don litearthacht, tacú le deiseanna d'fhoghlaim ar feadh an tsaoil agus an leabharlann a bhunú mar áit lárnach chun fáil a thabhairt ar eolas iontaofa údarásach.

Tá an Clár ailínithe leis an gclár oibre Eorpach 2030 ar fhorbairt inbhuanaithe ó thaobh eolas a scaipeadh agus feachtas a chruthú i measc úsáideoirí na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe trí ghníomhaíochtaí leabharlainne dírithe ar na spriocanna sin chun go mbeidh siad níos cliste, níos glaise, níos ceangailte, níos sóisialta, níos sláintiúla agus níos gaire do shaoránaigh

Cé gurb é Lú an contae is lú in Éirinn, is ann atá dhá cheann de na bailte is mó in Éirinn, Dún Dealgan agus Droichead Átha. Is é an toradh raon suntasach éagsúil de nearta agus deiseanna eacnamúla, sóisialta agus cultúrtha.

Ar na príomhfhorbairtí le blianta beaga anuas tá athchóiriú agus athfhorbairt ar Leabharlann Dhroichead Átha in 2013/14; uasghrádú iomlán ar Leabharlann Bhaile Átha Fhirdhia in 2016 as ar lean seoladh Sheirbhís Mo Leabharlann Oscailte in 2019; agus uasghrádú ar spásanna agus acmhainní i Leabharlann Dhún Dealgan in 2019. Tá teicneolaíocht féinseirbhíse i ngach ceann de na trí leabharlann lánaimseartha. Tá deireadh curtha le baic ar bhallraíocht leabharlainne ó scoireadh de gach táille agus fíneáil a ghearradh agus ó rinneadh mór-infheistíocht i bhforbairt na n-acmhainní digiteach agus na ríomhsheirbhísí. Mhéadaigh úsáid Leabharlanna Lú le deireanas: mar shampla tá méadú 30% ar líon na míreanna a tógadh ar iasacht in 2019, rud a léiríonn go bhfuil ag éirí leis na bearta sin

Sna chéad chúig bliana eile feicfeadh infheistíocht shuntasach i mbonneagar TFC Sheirbhís Leabharlainne Lú as a leanfaidh seirbhísí digiteacha breisithe, sceideal digiteach agus STEAM d'imeachtaí agus de ranganna, agus timpeallacht nuálach nua-aimseartha ó thaobh theicneolaíocht an eolais. Tugann na príomhdhúshláin a bhaineann le riachtanais pobal óg éagsúil a chomhlíonadh

deiseanna gan teorainn dúinn chun raon spásanna cultúrtha agus oideachasúla atá oiriúnach dá bhfeidhmeanna agus bailiúcháin ábhartha prionta agus digiteacha a chur ar fáil.



Iarthéacs

Paindéim Covid-19

■ Bhris paindéim Covid-19 amach agus deireadh á chur leis an dréacht deiridh den straitéis. D'fhreagair Seirbhís Leabharlainne Lú riachtanais an phobail trí sheirbhís do dhaoine a bhí ag fanacht sa bhaile a bhunú, le hábhar nua ar líne, infheistíocht agus cur chun cinn a dhéanamh ar na ríomhsheirbhísí, imeachtaí a bhí beartaithe a chur ar fáil go poiblí a chur ar fáil ar líne agus ansin tionscnaimh a chur ar fáil trí mheascán d'áiseanna fisiciúla agus d'áiseanna fíorúla. Is cosúil go mbeidh an phaindéim ag cur isteach orainn agus ag cur dúshláin fúinn sa mheántearma. Is cloch choirnéil den phobal é Seirbhís Leabharlainne Lú agus tá cúram air tacú le daoine atá ag streachailt tríd dhúshláin na paindéime. Cé gur léir an teicneolaíocht agus an scil teicneolaíochta agus an cumas foghlama, tá an phaindéim tar éis an deighilt dhigiteach agus an bochtanas digiteach sa phobal a nochtadh. Déanann Seirbhís Leabharlainne Lú a dhícheall tacú le forbairt na litearthachta i gcomhar i gcás gach grúpa daoine agus oibreimid le cinntiú go mbeidh teacht ag an uile dhuine ar chlár na leabharlainne, go háirithe pobail imeallaithe, a ndíreofar orthu go háirithe. Athneartóidh Seirbhís Leabharlainne Lú úsáid na dteicneolaíochtaí nuálacha chun riachtanais an phobail a chomhlíonadh ag an am seo agus tapófar gach deis atá ar fáil chun an cur isteach ón bpaindéim a mhaolú.



ATHCHÓIRIÚ

Leabharlann Dhroichead Átha 2013/14

Leabharlann Bhaile Átha Fhirdhia 2016

Leabharlann Dhún Dealgan 2019



MHÉADAIGH
ÚSÁID

LEABHARLANNA
LÚ



MISEAN

Déanaimid pobail a neartú agus a thacú trí sheirbhísí leabharlainne dinimiciúla, cuimsitheacha agus freagrúla a sholáthar.

SEIRBHÍS LEABHARLAINNE LÚ



FÍS

Beidh Seirbhís Leabharlainne Lú ina cloch choirnéil i bpobail inbhuanaithe tríd

- An am atá caite a chaomhnú
- Freastal ar mhuintir an lae inniu
- An todhchaí a mhúnlú



LUACHANNA

Is mór againn

- An éagsúlacht
- Comhpháirtíocht
- An chomhpháirtíocht
- An trédhearcacht
- An chruthaitheacht
- An feabhsú leanúnach



Spriocanna Straitéiseacha

■ Cuireann Seirbhís Leabharlainne Lú tacaíocht agus cumasú ar fáil chun gur féidir le daoine scileanna litearthachta, léitheoireachta, cruthaitheachta agus nuálaíochta a fhorbairt, agus an gealladh uile atá fúthu a chomhlíonadh.

■ Déanann Seirbhís Leabharlainne Lú an fhoghlaim a thacú agus a éascú, trí rochtain saor in aisce a thabhairt ar fhoghlaim ar feadh an tsaoil, ar chomhairle faoi phoist agus gnó, agus ar dheiseanna maireachtála sláintiúla.

■ Spreagann Seirbhís Leabharlainne Lú an pobal le bheith cruthaitheach agus cuireann sí spásanna fáilteacha agus cuimsitheacha ar fáil do chách.

Cuspóirí Straitéiseacha

- 1 Cuspóir 1: Caipiteal & Bonneagar**
Ár bhfoirgnimh agus pointí seirbhíse leabharlainne a fhorbairt le go mbeidh siad oiriúnach don fheidhm i ngach cás agus go léireoidh siad an ardchaighdeán seirbhíse atá ar fáil.
- 2 Cuspóir 2: Fórsa Saothair**
Foireann na leabharlainne a fhorbairt ó thaobh leibhéal foirne, scileanna, féinmhuinín agus an cumas bheith ina dtreoraithe chun seirbhís dinimiciúil leabharlainne a fhorbairt amach anseo.
- 3 Cuspóir 3: Bailiúcháin agus Acmhainní**
Ár mbailiúcháin a fhorbairt go dtí na caighdeáin is airde agus ar aon dul leis na teicneolaíochtaí nuálacha.
- 4 Cuspóir 4: Clárú Imeachtaí**
An pobal a spreagadh, a éascú agus a mhealladh, trí chlár nuálach imeachtaí agus gníomhaíochtaí, chun gach gealladh atá faoi a chomhlíonadh.
- 5 Cuspóir 5: Teicneolaíocht**
Leabharlanna a bhunú sa phobal mar phríomháiteanna inar féidir an teicneolaíocht faisnéise agus seirbhísí digiteacha a fhoghlaim agus a úsáid.
- 6 Cuspóir 6: Margaíocht agus Cumarsáid**
An tSeirbhís Leabharlainne a chur chun cinn agus a mhargú ar na meáin ar fad le cinntiú go mbainfear úsáid éifeachtach as an acmhainn luachmhar seo chun leasa an phobail ar fad.
- 7 Cuspóir 7: Comhoibriú agus Comhpháirtíocht**
Líonraí comhoibrítheacha a fhorbairt agus a choimeád ag imeacht chun leasa an dá thaobh agus ar son an phobail agus chun cultúr comhionannais, éagsúlachta, cuimsitheachta agus idir-chultúrachais a chothú.



Réamhrá

Tá oibleagáid reachtúil ar gach údarás áitiúil faoin Acht Rialtais Áitiúil 2001 chun Clár Forbartha Leabharlainne a chur i dtoll a chéile, clár a ghlacfaidh an Chomhairle go ceann tréimhse chúig bliana. I Nollaig 2019, bhunaigh an Leabharlannaí Contae grúpa oibre chun Seirbhís Leabharlainne Lú – Clár Forbartha 2020-2025 a chomhordú agus a dhréachtú. Chun bonn eolais a sholáthar don Chlár, thug an grúpa oibre faoi anailís PESTLE chun na príomhthosca polaitiúla, eacnamúla, sóisialta, teicneolaíochta, dlíthiúla agus comhshaoil a mbeidh tionchar acu ar thodhchaí Sheirbhís Leabharlainne Lú a aithint. Bhí foireann na leabharlainne páirteach i gceardlann Anailís SWOT mar chuid den phróiseas trínar cuireadh an Clár i dtoll a chéile. (Gheofar achoimre ar na torthaí in Aguisín 2).

Dul i gComhairle leis an bPobal

Chun cuidiú linn riachtanais an phobail a aithint agus a chumasú do dhaoine a dtuairimí a thabhairt i dtaobh na Seirbhísí Leabharlainne, chuaigh an grúpa oibre i mbun próiseas comhairliúcháin le húsáideoirí agus daoine eile nach n-úsáideann Seirbhís Leabharlainne Lú.

Chuathas i gcomhairle leis an bpobal agus le heagraíochtaí, gnólachtaí, scoileanna agus coláistí trí shuirbhéanna, fócasghrúpaí agus seisiúin aiseolais a d'éascaigh foireann na leabharlainne ag imeachtaí a eagraíodh sna leabharlanna.

Cuireadh suirbhéanna ar líne (agus cóip chrua) ar fáil don phobal agus do scoileanna, gnólachtaí agus eagraíochtaí i mbrainsí leabharlainne, ar shuíomh gréasáin na Comhairle, ar na meáin shóisialta, trí Sheirbhís Leabharlainne na Scoile agus trí Líonra Rannpháirtíochta Poiblí Lú. Rinne foireann na leabharlainne an comhairliúchán a chur chun cinn le páirtithe leasmhara éagsúla agus grúpaí pobail ar fud an chontae (féach Aguisín 3 do shonraí na n-eagraíochtaí a ndearnadh teagmháil leo).

Eagraíodh fócasghrúpaí le grúpaí áitiúla. D'iarr an fhoireann aiseolas ó dhaoine a bhí páirteach in imeachtaí sna leabharlanna lena n-áirítear clubanna leabhar do dhaoine fásta agus do pháistí, grúpaí do thuismitheoirí agus páistí beaga, agus ó dhaoine a tháinig chúig cainteanna sa leabharlann. Fuaireamar freagairt mhór ón bpobal agus ghlac os cionn 800 duine agus 60 grúpa, idir daoine a úsáideann an leabharlann agus daoine nach n-úsáideann, páirt sa phróiseas comhairliúcháin.

Na Príomhthorthaí

Ba é ról agus luach na leabhar, na léitheoireachta agus na mbailiúchán ardchaighdeán an téama ba shuntasáí sna torthaí comhairliúcháin.

San iomlán, bhí formhór na ndaoine sásta le Seirbhís Leabharlainne Lú agus mheas formhór na ndaoine go raibh a gcuid riachtanas á gcomhlíonadh. Tá ról tábhachtach ag an bhfoireann anseo, agus tuairiscíodh ardleibhéal sásta le háiseanna na leabharlainne agus le caighdeán agus rogha na leabhar a bhí ar fáil.

Tacaíonn an leabharlann le forbairt na litearthachta agus forbairt léitheoirí sna scoileanna agus is soláthraí eolais, spás pobail, taca agus áis í d'eagraíochtaí éagsúla i Lú. Tá meas ag raon leathan daoine agus grúpaí daoine de gach aois ar áiseanna na leabharlainne don léitheoireacht, d'imeachtaí agus do ranganna. Is léir tábhacht na leabharlainne mar mhol pobail nó spás cathartha agus mar áis don chuimsiú sóisialta. Tá deis ann chun



SÁSTA LE

- ✓ Foireann
- ✓ Háiseanna na leabharlainne
- ✓ Caighdeán agus rogha na leabhar

tuilleadh seirbhísí agus acmhainní a chur ar fáil dóibh siúd atá faoi mhíchumas agus a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu tríd an tseirbhís leabharlainne.

Is féidir leis a bheith deacair uaireanta spás ciúin a fháil i leabharlann nó dóthain spáis a bheith ann do riachtanais na n-úsáideoirí uile. Léiríonn sé sin luach na leabharlann dár n-úsáideoirí éagsúla, ina measc tá áit chiúin le dul ag léamh nó staidéar, áit do theaghligh, páirt a ghlacadh in imeachtaí, ranganna nó clubanna.

Léirigh na torthaí comhairliúcháin ról dearfach na foirne ó thaobh tacú le grúpaí scoile agus pobail agus an meas atá ag úsáideoirí na seirbhíse air sin. Tá an-mheas ar an tseirbhís for-rochtana pobail a chuirtear ar fáil trí na Seirbhísí Taistil agus Scoile.



Is gá an teicneolaíocht eolais agus cumarsáide a thabhairt suas chun dáta agus Cuireadh fáilte roimh fheidhmchlár na Leabharlainne agus tá an-mheas ag na húsáideoirí ar na ríomhsheirbhísí.

Is gá na seirbhísí leabharlainne a chur chun cinn sna formáidí traidisiúnta agus digiteacha araon chun an oiread úsáideoirí idir úsáideoirí reatha agus úsáideoirí nua a mhealladh chun na seirbhísí a úsáid. Is í an chumarsáid éifeachtach an rud is tábhachtaí chun go mbainfidh grúpaí leas as na háiseanna agus seirbhísí a chuireann leabharlanna ar fáil. Is féidir úsáid a bhaint as an bhfeachtas náisiúnta agus áitiúil margaíochta agus caidrimh phoiblí a bhí ann le deireanas chun díriú ar an bhfadhb seo.

Tá breithniú déanta ar mholtaí ón bpobal, ó scoileanna agus eagraíochtaí maidir le soláthar na seirbhíse agus comhoibriú chun cuspóirí agus bearta atá luaite sa doiciméad seo a bhaint amach.

TRÁCHTAÍ SEO ROINNT TRÁCHTAÍ Ó BHAILL DEN PHOBAL AR AN MBRÍ ATÁ LEIS AN LEABHARLANN DÓIBH

“Is acmhainn riachtanach é agus is maith an rud é, leis, gur spás do chách í. An domhan ag barr mo mhéara, réidh le taiscéaladh, ar oscailt nuair a bhíonn sé uaim agus tearmair ciúin i ndomhan gnóthach.”

Spás inar féidir liom snas a chur ar mo chuid scileanna agus am a fháil d’fhorás pearsanta. Is féidir liom am fiúntach a chaitheamh ann leis na páistí fad a bhímid ag úsáid na seirbhísí leabharlainne.

“Tugann an leabharlann fáil dom saor in aisce ar eolas. Mar a dúirt Cicero, ‘‘Má tá leabharlann agus gairdín agat, ní bheidh aon rud eile uait.”

Ní thig liom é a chur a bhfocail an chaoi a soilsíonn an leabharlann mo shaol agus an méid atá foghlamtha agam as an lear mór leabhar nach bhfeicfinn in aon áit eile. Agus an mhuintín atá agam san fhoireann iontach. Tá leabharlanna Lú tar éis an saol a shaibhriú do mo chlann óg agus beimid níos fearrde go deo.



AN LÚ

AN CONTAE

ISLÚ

IN ÉIRINN

827 KM CR.

88km DE CHÓSTA




(ó Loch Cairlinn go dtí na tránna ag Baile Trá agus Tearmann Feichín)


DAONRA 128,884



49% ♀ 51% ♂



INA GCÓNAÍ I GCEANTAIR UIRBEACHA



I GCEANTAIR THUAITHE

Meastar go mbeidh **140,000** de dhaonra ann faoi **2020**



MHÉADAIGH AN DAONRA DE 16% SA TRÉIMHSE 2006-2016



RÁTA DÍFHOSTAÍOCHTA IN 2016

(ba é 13% an ráta náisiúnta
dífhostaíochta).

**ÉAGSÚLACHT
EITNEACH AGUS
CHULTÚRTHA,**
lasmuigh d'Éirinn
a rugadh 19% den
daonra.



AN CONTAE IS DLÚITHE IN ÉIRINN Ó THAOBH DAONRA, IS IAD NA PRÍOMHLIMISTÉIR DAONRA...



AN BAILE IS MÓ
in Éirinn



**AN TRÍÚ
BAILE IS MÓ**



Foinse: Daonáireamh 2016 (figiúirí slánaithe)

Mar gheall ar Lú

Tá Lú suite in oirthuaisceart na tíre agus tá sé ar an gcontae is lú de na 32 contae le hachar talún 827 km cearnach. Tá dhá mhórionad uirbeacha ann, Droichead Átha agus Dún Dealgan, agus roinnt bailte agus sráidbhailte substaintiúla lena n-áirítear Baile Átha Fhirdhia, Dún Léire, Ceann Chlochair agus Cairlín. Tá teorainn ag Lú le contaetha Mhuineacháin agus na Mí ar a taobhanna thiar agus theas faoi seach, contaetha Ard Mhacha agus an Dúin ó thuaidh, agus Muir na hÉireann soir.

Ciallaíonn an daonra de 128,884 gurb é Lú an contae is dlúithe ó thaobh daonra in Éirinn lasmuigh de Bhaile Átha Cliath. Le blianta beaga anuas, tá méadú seasta tagtha ar dhaonra Lú mar gheall ar imirce isteach agus imirce inmheánach chomh maith le méadú nádúrtha ar an daonra.

Is príomhshuíomh gnó é Lú mar gheall ar a shuíomh straitéiseach ar an gcósta thoir idir Baile Átha Cliath agus Béal Feirste. Éascaíonn bonneagar ardchaighdeán, idir bhóithre agus iarnróid, agus inrochtaineacht ar chalafoirt agus aerfoirt thuaidh agus theas an trádáil agus an tionsclaíocht. Cuireann leathanbhanda ardluais agus fórsa saothair ardoilte a bhfuil oideachas maith orthu le forbairt eacnamaíoch an chontae. Tá dea-cháil ar Lú as traidisiún fiontraíochta agus is ann atá mórchuid oibríochtaí domhanda a bhfuil cáil idirnáisiúnta orthu suite. Is í an earnáil thionsclaíoch is mó sa chontae an trádáil mhórdhíola agus mhiondhíola, agus gníomhaíochtaí sláinte agus sóisialta an duine, déantúsaíocht, oideachas agus an earnáil cóiríochta agus seirbhísí bia ina dhiaidh sin.

Soláthraíonn Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan, Institiúid Uí Fhiaich agus Institiúid Breisoideachais Dhroichead Átha áiseanna agus deiseanna oideachais den scoth. Is furasta do chónaitheoirí Lú taisteal go dtí agus ó mhórcholáistí agus ollscoileanna i mBaile Átha Cliath agus i mBéal Feirste.



Is ceantar ardtaitneamhachta é Lú le háiseanna áineasa, spóirt agus siamsaíochta den scoth. Tá cósta mórthaibhseach ann a shíneann thar 88 km ó Loch Cairlín go dtí tránna Bhaile Trá agus Thearmann Feichín, agus tairgeann siad áilleacht radhairc, gníomhaíochtaí cois farraige agus spóirt uisce.

Is contae beoga é Lú freisin do na healaíona agus don chultúr le go leor amharclann, ionaid cheoil, músaem, dánlann, cartlann, ionaid oidhreacht agus spásanna oibre cruthaitheacha. Cuidíonn ionaid ar nós Ionad Ealaíon Droichead (Droichead Átha) agus Ionad Ealaíon Na Tána (Dún Dealgan) chun áit bhisúil do na healaíona agus don chultúr a chur ar fáil agus bíonn féilte, imeachtaí agus imeachtaí ar fud an chontae i rith na bliana.



Tá an contae sáite i stair agus i dtraidisiún ó cheantar Oiriaila na glóire miotaseolaíche go dtí Gleann na Bóinne a bhfuil cáil dhomhanda air. Is ionad gnóthach é don turasóireacht agus tá tarraingtí go leor do chuartheoirí i Lú, ina measc Mainistir Bhuithe agus an Mhainistir Mhór.



Seirbhís Leabharlainne Lú

Tá Seirbhís Leabharlainne Lú mar chuid den Stiúrtóireacht Tithíochta, Pobail agus Cáilíochta Beatha i gComhairle Contae Lú. Tuairiscíonn an Leabharlannaí Contae, atá i gceannas ar an rannán um Cháilíocht na Beatha lena n-áirítear leabharlanna, músaem, oidhreacht, ealaíona agus cartlanna, don Stiúrtóir a thuairiscíonn don Phríomhfheidhmeannach, ar a uain.

**Droichead Átha,
Dún Dealgan agus
Baile Átha Fhirdhia
LÁNAIMSEARTHA**

**Dún Léire agus
Cairlinn**

PHÁIRTAIMSEARTHA

Seachadtar an tSeirbhís trí thrí leabharlann lánaimseartha i nDroichead Átha, Dún Dealgan agus Baile Átha Fhirdhia, dhá leabharlann pháirtaimseartha i nDún Léire agus Cairlinn, agus Seirbhís Leabharlainne Taistil agus Scoile.

Tuairiscíonn an tSeirbhís Leabharlainne do Choiste Beartais Straitéiseach Pobail, Cáilíocht Beatha agus Cruthaitheachta (CPS) na Comhairle. Bunaíodh an coiste in 2020 agus tagann sé le chéile gach ráithe, ag cabhrú leis an gComhairle an beartas maidir leis an Stiúrtóireacht um Cháilíocht na Beatha a cheapadh, a fhorbairt, monatóireacht a dhéanamh air agus é a athbhreithniú.

Mar a cuireadh tús le Seirbhís Leabharlainne Lú

I nDún Dealgan i 1858 a osclaíodh an chéad leabharlann phoiblí in Éirinn faoin Acht Leabharlanna Poiblí (1855). Tá an tSeirbhís Leabharlainne i Lú ann ó bunaíodh Institiúid Meicnic i 1844 i seomra i dTeach an Mhargaidh, Dún Dealgan. Rinne coiste é a reáchtáil chun intinn agus coinníollacha gach aicme sa phobal a fheabhsú agus gearradh táille bhallraíochta. Ceapadh leabharlannaí ar thuarastal £ 0 sa bhliain agus bhí an tseirbhís ann go dtí 1853 nuair a athraíodh an t-ainm go dtí Dundalk Literary and Scientific Institution.

In 1857, mar gheall ar mheath ar bhallraíocht agus deacrachtaí airgeadais, tugadh stoc leabhar na Leabharlainne do na Coimisinéirí Baile le cur le Saorsheirbhís Leabharlainne Dhún Dealgan a bhí á bunú ag an am.



31
D'FHOIREANN



Seirbhísí Leabharlainne Lú in Amharc Amháin 2019

264,551
cuairt

ar bhrainsí den
leabharlann



279,000
mír bheo
sa stoc

agus

10,000
mír á gcur leis gach bliain



9,500
mír ceannaithe

4,600
leabhar do pháistí,
4,000
leabhar do
dhaoine fásta,
900
DVD, CD agus
irisleabhar

Seirbhís taistil

1,030
cuairt
phobail

216
cuairt ar
thithe
altranais


48
cuairt ar
chreiseanna

471,209 mír
eisithe

Seoladh seirbhís

Mo Leabharlann Oscailte

i mBaile
Átha
Fhirdhia
in 2019



Freastalaíonn an leabharlann scoile

ar 75 bunscoil
ar fud an chontae


Na Ríomhsheirbhísí

atá ar fáil le híoslódáil

- ríomhleabhair
- ríomhirisí
- ríomhnuachtáin
- cúrsaí ar líne
- foghlaim teangacha



In 2020, caithfear
€25 in aghaidh an
duine ar sheirbhísí
leabharlainne.



316
imeacht do
dhaoine fásta

395
imeacht do
pháistí

Tá clár
éagsúil
d'imeachtaí
cultúrtha,

oideachasúla agus
STEAM sceidealta do

na brainsí uile ó cheann ceann
na bliana.



Ballraíocht

* 22,054 (bailí)
13,265 (gníomhach)

Ballraíocht

Agus é seo á scríobh, rinneadh bailiú sonraí ar bhallraíocht a bheachtú chun sainmhíniú níos déine ar bhallraíocht a léiriú i gcatagóirí na mball gníomhach.

Féadfaidh ballraíocht bhailí comhaireamh a dhéanamh ar bhallraíocht a tosaíodh nó a athnuachan le linn na tréimhse 12 mhí roimh an dáta reatha. Baineann go leor ball bailí leabharlainne úsáid as an leabharlann chun a scíth a ligean nó chun freastal ar imeachtaí gan aon mhír a thógáil ar iasacht.

Ní féidir le ballraíocht ghníomhach ach úsáideoirí a dhéanann idirbheart a thaifeadtar sa Chóras Bainistíochta Leabharlainne (LMS) a chomhaireamh. Is é an figiúr ballraíochta a cuireadh ar ais chuig an gCoiste Iniúchóireachta Maoirseachta Náisiúnta (NOAC) an figiúr gníomhach.

Brainsí agus Seirbhísí



Freastalaíonn **Leabharlann Dhroichead Átha** ar cheann de na bailte is mó in Éirinn a bhfuil os cionn 42,347 (CSO, 2016) de dhaonra ann. Tá an leabharlann suite ar leibhéal urláir talún plean oscailte d'fhoirgneamh a roinneann sí le hIonad Ealaíon Droichead i lár an bhaile. Athchóiríodh an leabharlann in 2014.

Freastalaíonn **Leabharlann Dhún Dealgan** ar 39,004 de dhaonra (CSO, 2016). Tá an leabharlann suite ar champas a roinntear le Músaem Chontae Lú agus tá sí lonnaithe i dtrádstóras athchóirithe ón 18ú haois, a bhí mar chuid de Dhrioglan Dhún Dealgan uair. Tá dhá leibhéal sa leabharlann; tá an limistéar iasachta, suíocháin, staidéar, spás taispeántais, agus roinnt seirbhísí teicneolaíochta suite ar an mbunurlár. Tá ionad foghlama agus teicneolaíochta, rannán tagartha agus ginealais, spás staidéir agus Mol Cúrsaí Oibre suite ar leibhéal a dó.

Tá **Leabharlann Átha Fhirdhia** mar chuid den tionscnamh Mo Leabharlann Oscailte ó Mhárta 2019 agus freastalaíonn sí ar suas le 7,966 (CSO 2016) de dhaonra. Athchóiríodh í in 2016/17 agus tá seomra plean oscailte agus seomra cruinnithe phoiblí ann.



Tá **Leabharlann Chairlinn** suite in iar-Theach na Cúirte; is struchtúr faoi chosaint é atá suite ar láithreán cúng. Tá sé suite laistigh de Limistéar um Chaomhnú Ailtireachta Chairlinn agus laistigh den chrios leasa seandálaíochta (Arnold, P, 2010).

Seachadtar Seirbhís **Leabharlainne Dhún Léire** ó sheanteach mháistir an stáisiúin i nDún Léire.

Freastalaíonn an **Leabharlann Taistil** ar eastáit tithíochta, tithe altranais, naíolanna agus ceantair thuaithe Lú.

Freastalaíonn **Seirbhís Leabharlainne na Scoileanna** ar 75 bunscoil sa chontae agus tá sé mar aidhm aici cuairt a thabhairt ar gach scoil trí huaire i rith na bliana.

Tugtar achoimre ar shuíomhanna leabharlainne agus uaireanta oscailte in Agusín 1.



Mo Leabharlann Oscailte

Tá sé mar aidhm ag mo Leabharlann Oscailte rochtain, úsáid agus infheictheacht na leabharlainne a fheabhsú mar mhol pobail, an leabharlann a fhorbairt mar phointe fócasach d'fhorbairt pobail agus cultúrtha. Tá an rogha nuálach féinseirbhíse seo ar fáil do bhaill Sheirbhís Leabharlainne Lú atá os cionn 16 bliana d'aois.

Is féidir le baill na seirbhíse feabhsaithe seo rochtain a fháil ar an leabharlann anois ar bhonn féinseirbhíse ó 8 am-10pm, 7 lá na seachtaine. Ní mó do na baill a bheith os cionn 16 bliana. Iarrtar cárta aitheantais le grianghraf agus cruthúnas ar sheoladh. Tá téarmaí agus coinníollacha i bhfeidhm.

Le linn uaireanta mo Leabharlainne Oscailte is féidir le baill:



Foireann na Leabharlainne

De bharr earcaíochta chun an líon foirne a mhéadú, a bhí ar bun tráth na scríbhneoireachta, ardóidh an leibhéal 30% ó 31 go 42. Cumasóidh sé seo forbairt straitéiseach ar Sheirbhís Leabharlainne Lú ionas go dtógfar ar an obair atá déanta go dtí seo ar uaireanta oscailte feabhsaithe, inrochtaineacht fheabhsaithe ar sheirbhísí, agus ar deireadh, méadú ar bhallraíocht agus ar úsáid





Bailiúcháin agus Acmhainní

Faoi láthair tá thart ar 279,000 earra i Seirbhís Leabharlainne Lú agus buiséad leabhar bliantúil de €155,000. Cuirtear thart ar 10,000 earra le bailiúcháin gach bliain.

Cuireann Seirbhís Leabharlainne Lú raon seirbhísí ar líne agus r-Sheirbhísí, atá ar fáil saor in aisce, le híoslódáil chuig gléas ar bith. Ina measc seo tá cúrsaí ríomhfhoghlama; cúrsaí teanga ar líne; ríomhleabhair agus ríomhleabhair; greannáin; teidil irisí idirnáisiúnta agus nuachtáin áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta. Reáchtálann gach brainse leabharlainne taispeántais r-Sheirbhísí don phobal ar bhonn míosúil. Tá ár mbailiúcháin eResources ag fás bliain i ndiaidh bliana chun freastal ar éileamh bhaill na leabharlainne. Is é cuspóir Bheartas Bailithe Sheirbhís Leabharlainne Lú an raon ábhar is leithne is féidir a sholáthar chun tacú le cúrsaí cultúir, caitheamh aimsire agus eolas, agus freagairt do riachtanais ár bpobal agus ár n-iasachtaithe, riachtanais atá ag athrú i gcónaí.

Teicneolaíocht

Tá Córas Bainistíochta Leabharlainne i bpáirt ag gach ceann de na 330 brainse leabharlainne ar fud na tíre, rud a chumasaíonn rochtain ar chatalóg de níos mó ná 15 milliún mír. Faigheann an chatalóg náisiúnta leabharlainne poiblí seo tacaíocht ó sheirbhís seachadta ar fud na tíre, a éascaíonn do bhaill earraí a ordú ar líne nó go pearsanta lena seachadadh chuig a leabharlann áitiúil.

Tá Wi-Fi saor in aisce, rochtain phoiblí ar an idirlíon agus saoráidí priontála / cóipeála féinseirbhíse ar fáil i ngach brainse. Tá bothanna féinseirbhíse a úsáideann teicneolaíocht aitheantais minicíochta raidió (RFID) ar fáil sna trí bhrainse lánaimseartha i mBaile Átha Fhirdhia, Dún Dealgan agus Droichead Átha. Cumasaíonn an teicneolaíocht seo d'úsáideoirí míreanna leabharlainne a fháil ar iasacht agus a chur ar ais ar na bothanna féinseirbhíse trí mheaisín a léann na sonraí digiteacha atá ionchódaithe i gclibeanna RFID nó i lipéid chliste.

Tá áiseanna stáisiúin oibre le haghaidh deasca te ar fáil sna trí bhrainse lánaimseartha agus tá seirbhís priontála 3D ar fáil i Leabharlann Dhún Dealgan.

Tá Feidhmchlár Lú ar fáil ar ghléasanna Android agus Apple agus feabhsaíonn sé rochtain ar leabharlann ar líne agus ar ríomhsheirbhísí. Gheofar an feidhmchlár ar www.louthcoco.ie nó ar Google Play Store.

Tá láithreach fheiceálach ag an tSeirbhís Leabharlainne ar na meáin shóisialta, lena n-áirítear Facebook, Twitter agus Instagram.

